PLEAN CEANTAIR ÁITIÚIL AN CHAOIL

1.0 COMHTHÉACS

1.1 Suíomh

Tá An Caol suite ar an taobh theas de Dhairbhre. Is sráidbhaile beag ar an oileán é agus é nasctha le Baile an Ridire ag an R565.Tá sé leath slí idir Baile an Ridire agus An Caladh. Cé gur tharla leibhéal áirithe forbartha idir an dá lonnaíocht le blianta beaga anuas is féidir féachaint fós orthu mar dhá lonnaíocht ar leith.

1.2 Daonra

Níl aon fhigiúirí ann do dhaonra shráidbhaile An Chaoil féin. Clúdaíonn Toghroinn Dhairbhre an sráidbhaile agus an oileán ar fad. Léirigh daonáireamh 2006 go raibh 713 duine ann. Méadaigh an figiúr sin ó 690 i 2002. Is ionann seo agus méadú 3% ar an daonra. Tháinig laghdú air i ndaonáireamh 2011 go dtí 664 duine.

1.3 Feidhmeanna agus Áiseanna

Tá réimse saoráidí sóisialta sa Chaol ar a n-áirítear Séipéal Caitliceach, ionad pobail, teach tabhairne agus siopa. Níl aon siopa grósaera laistigh den lonnaíocht. Tá páirc imeartha an CLG áitiúil anseo. Freastlaíonn Scoil Náisiúnta Dar Earca agus an ionad pobail ar an oileán ar fad. Ar an mbealach seo feidhmíonn An Caol mar lárionad sóisialta an oileáin.

1.4 Infreastruchtúr

Tá soláthar uisce poiblí ar fáil sa tsráidbhaile.Níl aon ionad cóireála fuíolluisce sa tsráidbhaile. Tá réamhthuarascáil ann maidir le córas nua a sholáthar ach ní dócha go soláthrófar é laistigh de shaolré an phlean seo.

1.5 Foirm Uirbeach

Bhí An Caol ar cheann de mhórán sráidbhailte a tógadh timpeall ar shéipéil nua a tógadh i ndiaidh Fuascailt na gCaitliceach sna 1830dí. Is sráidbhaile traidisiúnta tuaithe atá sa Chaol, le foirm líneach air le struchtúir scoite den chuid is mó gan líne socraithe tógála ann. Tá an sráidbhaile tar éis forbairt i bhfoirm líneach ar an R565 le forbairt teoranta ar bhóithre áitiúla, a thrasnaíonn an R565 i lár an tsráidbhaile.

Cuireann forbairt de chineál ardáin a tógadh le déanaí ar an R565 feabhas ar sráid-dreach an tsráidbhaile. Dá ndéanfaí tuilleadh forbartha ar an sráid-dreach seo thabharfadh sé croílár níos sainithe agus struchtúr uirbeach don tsráidbhaile.

Tá éagsúlacht ag baint le cineál na bhfoirgneamh sa tsráidbhaile. Tá éagsúlacht ag baint le hairde na bhfoirgneamh ar fud an tsráidbhaile. Tá roinnt forbairtí nua ar chuma gráige sa tsráidbhaile a bhfuil an dearadh céanna orthu agus nach bhfuil ag teacht leis an seanfhoirm tógtha.

1.6 An Oidhreacht Tógtha agus Seandálaíochta
Níl aon Struchtúr atá faoi Chosaint taifeadta laistigh de limistéar an phlean atá beartaithe.

1.7 An Timpeallacht agus Taitneamhacht Nádúrtha
Tá An Caol suite ar thalamh íseal timpeall le 1km ó chladach Dhairbhre ar chuid de SAC Chuan Dairbhre/Góilín Dairbhre é.

Tá roinnt speiceas ionracha a tugadh isteach le fáil sa tsráidbhaile, ar a n-áirítear an Ghlúineach Bhiorach agus an Gunnaire. Is féidir leis na plandaí seo nach bhfuil dúchasach don cheantar, chomh maith le dochar a bheith ag baint leo don bhithéagsúlacht, a bheith as alt toisc go mbíonn siad an-dlúth ar thaobh an bhóthair, ar thalamh gan úsáid agus in uiscebhealaí.

Déanann siad leathnú amach go tapaidh agus is deacair iad a mharú nuair a bhíonn siad bunaithe. Tá sé an-tábhachtach mar sin go gcuirfí cosc ar ithir in mbíonn riosóim, gearrthóga na bhfál nó mionnithe eile a bhogadh ó áit amháin go háit eile.

Le leitheadúlacht na bplandaí seo sa lonnaíocht, beidh ar thograí forbartha scéim oiriúnach a chur isteach le deireadh a chur leo agus/nó iad a smachtú, sara dtugann an tÚdarás Pleanála cead.

1.8 Trácht Feithicleach agus Coisithe
Toisc é a bheith suite ar an R565 timpeall leath slí idir An Caladh agus Baile an Ridire bíonn go leor tráchta ag dul tríd, go háirithe i gcaitheamh an tsamhraidh. Níl go leor spásanna páirceála ann. Níl aon charrchlós ag an séipéal agus níl ach páirceáil teoranta ar fáil ag an ionad pobail. Tá fadhb ag baint le páirceáil ar an R565 agus is tosaíocht é tuilleadh spáis pháirceála a sholáthar i lár an tsráidbhaile. Ní leor iad na radharclínte ag acomhal an R565 agus bóthar an Chósta i lár an tsráidbhaile agus caithfear feabhas a chur orthu.

Cruthaíonn trácht turasóireachta i gcaitheamh an tsamhraidh atmasféar gnóthach ach i gcaitheamh an gheimhridh is trácht áitiúil is mó a bhíonn ann toisc é a bheith iargúlta.

1.9 Fás agus Forbairt Cónaithe
Murab ionann agus Baile an Ridire, bhí teorainn leis an leibhéal forbartha a tharla le déanaí sa Chaol. Mar sin féin, bhí éileamh mór ar fhorbairt ar an R565 soir i dtreo Bhaile an Ridire agus siar i dtreo An Caladh. Ní cheaptar gur maith an rud é an laghdú seo ar leibhéal na tuaithe oscailte idir na lonnaíochtaí, agus sa bhfadtréimhse chruthódh sé easpa sainithe don lonnaíocht.
Tá acmhainn sa Chaol freastal agus glacadh le héileamh sa todhchaí ar thithe scoite cónaithe a ndéanfaí freastal orthu seachas sin le forbairt líneach le hais an bhóthair sna ceantair tuaithe. Cuirfidh seo le laghdú a dhéanamh ar fhorbairt mhíoiriúnach ribíneach, agus cinnteoidh sé go bhfreastlaítear ar an éileamh ar thithe móra scoite i bpatrún inbhuanaithe agus cóngrach don scoil agus do sheirbhísí eile.

Déanann an teorainn forbartha don Chaol sainiú ar fhairsinge an cheantair ar féidir forbairt nua a dhéanamh ann, agus ceadaíonn sé, ag an am gcéanna, roinnt athfhorbartha i lár an tsráidbhaile. Is cuspóir sa phlean é spreagadh a thabhairt d'fhorbairt shráidbhaile le dlúthstruchtúir inbhuanaithe, ach a chinntiú go mbíonn an fhorbairt nua comhtheagmhálach leis an bhforbairt atá ann agus go mbaintear úsáid éifeachtach as suíomhanna talún cúil agus líonta isteach.

2.0 STRAITÉIS FORBARTHA

Is é atá mar fhís fhoriomlán dn Chaol a chinntiú go bhforbraíonn sé mar láthair atá tarraingteach do mhuintir na háite agus do thurasóirí araon agus go gcaomhnaíonn forbairt sa todhchaí saintréithe an tsráidbhaile agus go ndaingnítear sin nuair is gá é.

Is í an straitéis forbartha don sráidbhaile ná:

- Go gcoimeádfaí tuath oscailte idir An Caol agus Baile an Ridire.
- A chinntiú go dtacódh forbairt sa todhchaí le ról agus le feidhm reatha an tsráidbhaile mar phointe beag teagmhála don phobal tuaithe máguaird.
- A chinntiú go bhfreastlaíonn gach forbairt chónaithe laistigh den sráidbhaile sa todhchaí ar riachtanais mhuintir na háite ar mhian leo cónaí go buan sa cheantar.
- Cur chun cinn a dhéanamh ar fhorbairt asraon tráchtála/miondíola ag freastal ar an bpobal áitiúil
- Níor chóir go n-éascódh tograí forbartha tabhairt isteach ná leathadh speiceas ionracha a tugadh isteach mar an Ghlúineach Bhiorach nó an Gunnaire.

3.0 SAINCHUSPÓIRÍ

Cuspóir Uimh.	**Spás Oscailte, Áineas agus Taitneamhacht** **Is cuspóir ag an gComhairle é:**
A-1	Tailte a chur i leataobh d'fhorbairt fhaiche an tsráidbhaile faoi mar atá léirithe ar an léarscáil chriosaithe agus páirc cois abhann a fhorbairt.

Cuspóir Uimh.	**Áiseanna tráchtála/miondíola** **Is cuspóir ag an gComhairle é:**
CR-1	Cur chun cinn a dhéanamh ar fhorbairt asraon tráchtála/miondíola ag freastal ar an bpobal áitiúil

Cuspóir Uimh.	**Oidhreacht Ailtireachta & Tógtha** **Is cuspóir ag an gComhairle é:**
AH-1	Spreagadh a dhéanamh ar athúsáid chuí agus athchóiriú íogair ar mhaoine nach n-úsáidtear/tréigthe.

Cuspóir Uimh.	**Trácht Feithicleach agus Coisithe** **Is cuspóir ag an gComhairle é:**
T-1	Breis spáis páirceála a sholáthar sa tsráidbhaile.

Cuspóir Uimh.	**An Timpeallacht Nádúrtha** **Is cuspóir ag an gComhairle é:**
NE-1	Nuair a aithnítear speicis ionracha a tugadh isteach, ar a n-áirítear an Ghlúineach Bhiorach, ar láthair nó i gcomharsanacht láithreáin (is féidir go sínfeadh cuid den phlanda suas le 7 méadar faoin talamh), is féidir go loirgeodh Údarás pleanála scéim oiriúnach le deireadh a chur leo agus/nó iad a smachtú mar chuid den phróiseas iarratais phleanála.
NE-2	A chinntiú go mbíonn aon togra forbartha suntasach ar na tailte seo faoi réir ag measúnaithe tionchair tuile.